

CEAHT 2

Buntáistí Bhallraíocht i
gCeardchumann



CEAHT 2

Buntáistí ballraíochta i gCeardchumann

Ábhair: Stair

Béarla

Snáitheanna: Polaitíocht, Coimhlint agus an tSochaí.

An Teanga Labhartha

Snáithaonaid/Eilimintí: Éire, an Eoraip agus an Domhan, 1960 go dtí an lá atá inniu ann.

Cumarsáid, Tuiscint. Iniúchadh agus úsáid

Cuspóirí Foghlama:

Cuirfear ar chumas an linbh:

- tuiscint a fhorbairt ar conas a théann oibrithe isteach i gceardchumann agus cén fáth;
- timpeallacht a bhfuil ceardchumann inti agus timpeallacht nach bhfuil ceardchumann inti a chur i gcomparáid agus na difríochtaí a mhíniú;
- buntáistí a bhaineann le ballraíocht i gceardchumann a liostú.

Acmhainní:

- Cur i Láthair PowerPoint 2 - *Buntáistí Ballraíochta i gCeardchumann*
- Cás-staidéir le taispeáint nó cóipeanna le dáileadh ar ghrúpaí
- Clár bán

Réamhrá:

Breathnaigh ar an gceacht roimhe seo arís agus tabhair achoimre air. Déan tagairt don stór focal atá ar taispeáint ar Bhalla Focal an tseomra ranga.

Treoraigh plé leis na daltaí ar an difríocht idir timpeallacht oibre a bhfuil ceardchumann inti agus timpeallacht oibre nach bhfuil ceardchumann inti. Scríobh a gcuid smaointe ar an gclár bán.



Forbairt:

Iarr ar na daltaí liosta a dhéanamh, i ngrúpaí beaga, de na buntáistí a shamhlaíonn siad a d'fhéadfadh a bheith acu mar bhaill de cheardchumann.

Úsáid sleamhnán PowerPoint chun achoimre a dhéanamh ar na buntáistí.

Agus na liostaí atá curtha i dtoll a chéile á n-úsáid acu, iarrfar ar dhaltáí a gcuid pointí a chur in ord tosaíochta agus na fáthanna taobh thiar dá rogha a mhíniú.

Tabharfar sampla de chás-staidéar do gach grúpa beag agus fiafrófar díobh conas a d'fhéadfadh ceardchumann cabhrú leis an bhfostaí i ngach cás.

Cás-staidéar 1:

Tá Muireann ag obair go páirtaimseartha ó mhí an Mheithimh. Bíonn sí ag obair ón Máirt go dtí an Satharn gach seachtain ó 6pm go 9pm. Bhí lá saor ag na baill foirne eile, ar baill foirne lánaimseartha iad ar fad, nuair a dúnadh an siopa don lá saoire bairc i mí Lúnasa. Fuair Muireann amach gur íocadh as an tsaoire phoiblí sin iad agus dúirt siad léi gur chóir go n-íocfaí ise as an lá sin freisin. D'fhiafraigh sí dá fostóir ina thaobh ach dúirt an fostóir léi nach raibh sé de cheart aici íocaíocht a fháil as laethanta saoire poiblí ó tharla nár oibrigh sí riamh ar an Luan.

Cás-staidéar 2:

Tá Ciarán ag obair in óstán gnóthach. Tá feabhas tagtha ar chúrsaí gnó le cúpla mí anuas agus tá gradaim éagsúla buaite ag an óstán as caighdeán a chuid seirbhíse. Bíonn laethanta fada oibre ag Ciarán – ó 9am go 9pm. Is minic nach bhfaigheann sé ach 30 nóiméad le haghaidh sosa agus faoi dheireadh an lae mothaíonn sé traochta.

Cás-staidéar 3:

Tá Siobhán ag obair ina hoifig le 6 bliana anuas. Tá oiliúint bhreise curtha i gcrích aici le linn an ama sin. Déanann sí obair bhreise agus bíonn dualgais bhreise uirthi i gcomparáid leis an tráth ar thosaigh sí. Fuair duine dá comhghleacaithe méadú pá le míonna beaga anuas chomh maith le bónas um Nollaig, duine a thosaigh ag obair ag an am céanna léi. Níl aon athrú ar a pá faighte ag Siobhán, áfach.

Cás-staidéar 4:

Tá Deirdre ag obair sa siopa leabhar “Wise Owl” le 8 mbliana anuas. Tá an siopa á athchóiriú faoi láthair agus níl mórán spáis ann chun leabhair agus soláthairtí a stóráil seachas i seomra thuas staighre. Coinnítear boscaí móra troma leabhar thuas staighre. Bíonn deacracht ag Deirdre na boscaí a ardú/a bhogadh suas agus síos an staighre agus tá a droim gortaithe aici dhá uair. D’inis sí dá ceannasaí faoina gortú agus dúirt sise léi “a bheith cúramach”.



Cás-staidéar 5:

Thosaigh Dónal i bpost nua roimh an Nollaig. Tá sé ag obair in oifig bheag le naonúr ball foirne lánaimseartha eile. Tá Dónal an-díograiseach agus oibríonn sé go crua. Baineann sé an obair amach go luath gach maidin agus bíonn a chuid oibre an-mhaith i gcónaí. Déanann Dónal a dhícheall a bheith cairdiúil lena chomhoibrithe ar fad ach bíonn a cheannasaí iontach míchineálta le Dónal i gcónaí. Tá iarracht déanta ag Dónal labhairt lena cheannasaí chun an scéal a fheabhsú ach fuair sé amach le déanaí go bhfuil a cheannasaí tar éis rudaí míchineálta a rá faoi le daoine eile san oifig. Tá sé an-trína chéile faoin scéal agus níl sé ag codladh go maith le déanaí.

Cás-staidéar 6:

Tá lá saor iarrtha ag Bláthnaid chun freastal ar bhainis col ceathrair léi. D'fhiafraigh sí dá comhoibrithe faoi sin a dúirt léi go raibh laethanta saoire tógtha acusan roimhe sin chun freastal ar bhainiseacha cairde agus gaolta leo araon. D'iarr sí an lá saor ar a bainisteoir sé mhí roimh an dáta mar bhí a fhios aici go bhféadfadh sé a bheith gnóthach an t-am sin. Dúirt a ceannasaí léi nach bhféadfadh sí an lá saor a bheith aici cé nach raibh lá saor ar an Aoine sin iarrtha ag aon duine eile. Dhá lá roimhe sin, cheannaigh comhghleacaí léi ticéid le haghaidh ceolchoirme chomh maith le ham saor a iarraidh ar an lá sin, saoire a ceadaíodh. Tá Bláthnaid an-chorraithe faoi seo.

Gníomhaíocht le cois / obair bhaile

D'fhéadfadh daltaí litir a scríobh chuig Oifigeach i gCeardchumann dá rogha féin. D'fhéadfaidís ceisteanna a chur san áireamh, mar shampla:

- Cad é a ghairm / a áit oibre?
- Cén cineál oibrithe a ndéanann sé ionadaíocht orthu?
- Cad iad na príomh-shaincheisteanna a dtugann sé tacaíocht do bhaill an cheardchumainn leo ag an obair?
- Cén fáth a bhfuil obair na gceardchumann tábhachtach?

Clabhsúr:

Cluiche: Meaitseáil ceardchumann: ceardchumann a nascadh leis na hacrainmneacha a úsáideann siad. Mínígh go bhfuil ceardchumann éagsúla ann do ghairmeacha/earnálacha éagsúla. Úsáideann an chuid is mó díobh acrainmneacha agus tá a gcuid lógónna féin acu. (Féach Sleamhnáin 4 agus 5)

INTO – Irish National Teachers' Organisation / **CMÉ** – Cumann Múinteoirí Éireann

ASTI – Association of Secondary Teachers of Ireland / Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire

TUI – Teachers' Union of Ireland / **AMÉ** – Aontas Múinteoirí Éireann



SIPTU – Services, Industrial, Professional and Technical Union / **CSTGT** – an Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil

INMO – Irish Nurses’ and Midwives’ Organisation / **CABCÉ** – Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann

NUJ – National Union of Journalists / **CNI** – Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí

FSU – Financial Services Union / **CSA** – Ceardchumann Seirbhísí Airgeadais

CWU – Communications Workers Union / **COC** – Ceardchumann na nOibrithe Cumarsáide

Measúnú:

- Breathnóireacht Múinteora.
- Ceisteanna Tuisceana.
- Samplaí oibre.

Nascadh agus Comhtháthú molta:

- **Béarla** – Teanga labhartha – Díospóireacht.

Léamhthuiscint: bí ag faire amach d’ailt sna nuachtáin náisiúnta a bhaineann le cúrsaí Ceardchumainn.

Scribhneoireacht: ceistneoir

- **Gaeilge**: Scéal – “Mo Lá Oibre”
Drámaíocht – Ag Siopadóireacht
- **Matamaitic** – Am (réiteach fadhbanna – uaireanta an lae oibre).
Airgead (tuilleamh laethúil/seachtainiúil a ríomh)
- **OSPS** – Mé féin agus an Domhan Mór, Oideachas na Meán
- **Drámaíocht** - Rianú smaointe / Diancheistiú
- **Amharc-Ealaíona** – Póstaer um Chearta Oibrithe

